



An Quiz: 'Dúshlán Grinn an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh'

Ceist 1: Úsáidtear tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh chun

- a) Píotsa a ordú ar fud an Aontais
- b) Páirt ghníomhach a ghlacadh i bpróiseas ceaptha beartas an Aontais trí smaointe a chur i láthair le haghaidh dlíthe nua de chuid an Aontais
- c) Buaiteoir chomórtas amhránaíochta Eoraifíse a roghnú
- d) Ballstát nua de chuid an Aontais a ainmniú 'Tír an Aonbheannaigh'

Ceist 2: Cé mhéad saoránach den Aontas Eorpach atá de dhíth chun grúpa d'eagraithe a chur ar bun do do thionscnamh?

- a) 7 saoránach den Aontas, agus ní mór dóibh banna ceoil buachaillí a chruthú freisin
- b) 42 shaoránaigh den Aontas ar féidir leo lámhchleasaíocht a dhéanamh le tóirsí ar thine
- c) Ar a laghad 7 saoránach den Aontas a bhfuil cónaí orthu i 7 dtír éagsúla den Aontas, agus ní gá scileanna lámhchleasaíochta a bheith acu
- d) Dá mhéad é is amhlaidh is fearr é! Tabhair cuireadh do do chuid comharsana go léir a bheith ar an gcoiste eagrúcháin

Ceist 3: Cad iad na coinníollacha nach mór do do thionscnamh a chomhlíonadh chun go ndéanfaidh an gCoimisiún machnamh air?

- a) Ní mór do 1 mhilliún duine ar a laghad 'Is maith liom é' a thabhairt do do thionscnamh ar na meáin shóisialta
- b) Ní mór 7 bhfocal béarlagair de chuid an Aontais a bheidh mar chuid den ábhar, sin agus 7 gcineál cáise ar a laghad
- c) Ní mór 1 mhilliún síniú bailí ar a laghad a bheith ag an tionscnamh ón Aontas, agus na líonta íosta a bheith bainte amach i 7 mBallstát ar a laghad
- d) Déanfaidh an Coimisiún a mhachnamh ar rud ar bith, ar choinníoll go bhfuil caife maith ann leis

Ceist 4: Cad is féidir leat a dhéanamh a bhuí leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh?

- a) Vóta a chaitheamh i dtoghcháin an Aontais
- b) Athruithe dlíthiúla a mholadh ar shaincheisteanna a bhfuil suim agat iontu
- c) Earraí bolscaireachta de chuid an Aontais a fháil saor in aisce
- d) A bheith i do thaidhleoir de chuid an Aontais

Ceist 5: Cad atá an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh dírithe air?

- a) Popcheol a chur chun cinn
- b) Pobal imreoirí físchluichí a fhorbairt
- c) Saoránaigh na hEorpa a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa daonlathas díreach
- d) Scileanna cócaireachta a theagasc

Ceist 6: Conas is féidir leat do thuairimí a chur in iúl le TES?

- a) Amhrán a rá i bParlaimint na hEorpa
- b) Tionscnamh atá oscailte a shíniú nó dul i bpáirt le grúpa d'eagraithe TES
- c) Litir a scríobh chuig do mhéara áitiúil
- d) Vóta a chaitheamh ar son amhrán i gcomórtas amhránaíochta Eoraifíse

Ceist 7: Cad is féidir le 1 mhilliún saoránach den Aontas a dhéanamh le TES?

- a) Crannchur a bhuachan
- b) Athruithe a chur chun cinn maidir le beartais an Aontais
- c) Institiúid nua de chuid an Aontais a sheoladh
- d) Bualadh le hUachtarán an Aontais Eorpaigh

Freagraí cearta:

Ceist 1: b)

Ceist 2: c)

Ceist 3: c)

Ceist 4: b)

Ceist 5: c)

Ceist 6: b)

Ceist 7: b)